# Irish
# Junior Certificate
# Higher Level

# Past Exam Questions on
# Grammar – Fill in the missing word…

## Q2 Part (b) Section 3 2010 Paper 1

Giota téacs as suíomh gréasáin www.feachtas.ie atá anseo thíos. Athscríobh na habairtí i do **fhreagarleabhar** agus líon na bearnaí leis an bhfocal (na focail) is oiriúnaí agus scríobh an leagan ceart de na focail/figiúirí atá idir lúibíní.

**Sampla:**

Fáilte **romhat** chuig www.feachtas.ie

Fáilte ………..……… chuig www.feachtas.ie

Tá eolas faoin eagraíocht *Feachtas* ………..……… an suíomh gréasáin seo.

Bunaíodh *Feachtas* sa bhliain (1980) ………..………

Tá a lán daoine óga páirteach ………..……… eagraíocht seo.

Is daoine óga faoi ocht ………..……… déag d'aois atá i bh*Feachtas*.
(a) bliain (b) bhliana (c) blianta (d) mbliana

Cuireann *Feachtas* an Ghaeilge chun cinn ar fud ………..………
(a) an tír (b) na dtíre (c) na tíre (d) na tíortha



## QD Section 3 2009 Paper 2

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as *Foinse*) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó (1) go dtí (11). Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra a leagan amach mar seo i do fhreagarleabhar:
'Bearna (1) = domhain', agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

### Gruaig Rua

Níl ach aon faoin gcéad de dhaonra an (1) rua agus is in Éirinn agus in Albain is mó atá na daoine sin ar (2). Creideann eolaithe áirithe nach (3) aon duine rua fágtha i (4) céad bliain.

Ba chomhartha áilleachta agus uaisleachta í an ghruaig rua i (5) cultúr ársa. Bhí an ghruaig rua (6) i measc na gCeilteach agus bhí meas (7) leith acu uirthi.

Shíl na Ceiltigh, áfach, go raibh claonadh i ndaoine rua a bheith teasaí agus fiochmhar. Dá (8) sin, sheachain siad iad uaireanta.

Níor (9) an ghruaig rua leis na Sínigh ná leis na Rómhánaigh, toisc go raibh an (10) gruaige sin go minic ar na (11) a d'ionsaigh iad.





**Liosta Focal:**
domhain [Bearna (1)]; coitianta; bhrí; naimhde; fáil; mórán; ar; mbeidh; dath; gceann; thaitin.

## QD Section 3 2008 Paper 2

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó (1) go dtí (11). Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra a leagan amach i do fhreagarleabhar mar seo:
"Bearna (1) = as", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

### Ag Fanacht sa Bhaile

Beidh Leabhar Cheanannais ag fanacht sa bhaile (1) seo amach. Níl na húdaráis i gColáiste na Tríonóide (2) é a thabhairt ar iasacht a thuilleadh. Diúltaíodh (3) ó dhánlann i dTóiceo le déanaí.

Is leabhar an-luachmhar é Leabhar Cheanannais ach ní (4) an luach amháin atá ina bhac ar é a bheith ag dul ar taispeáint timpeall an (5). Síltear anois go bhfuil an (6) féin ag déanamh dochair don ábhar datha atá sa leabhar.

Ba é an uair (7) a thaistil an leabhar ná sa bhliain 2000. Sa bhliain sin tugadh imleabhar amháin de ar iasacht (8) dhánlann san Astráil. (9) sin tugadh ar cuairt é timpeall chathracha na (10) idir 1982 agus 1985. Tá deireadh leis sin anois agus is macasamhail den leabhar a bheidh ar taispeáint as seo amach, ach amháin i gColáiste na Tríonóide, ar (11).



**QD Section 3 2007 Paper 2**

**D** **(10 marc)**

Déan staidéar ar an sliocht seo a leanas (as **The Irish Times**) a bhfuil bearnaí ann atá uimhrithe ó **(1)** go dtí **(11)**. Ansin líon gach bearna díobh le focal oiriúnach as an liosta thíos. (Níl aon ord speisialta ar an liosta sin.) Ba cheart an freagra i do fhreagarleabhar a leagan amach mar seo: "Bearna **(1)** = saghas ", agus mar sin de. Ní gá an sliocht féin a scríobh.

## Tírghrá, Scoil agus an Ghaeilge

Is minic a chuirtear ceisteanna den **(1)** seo a leanas orm: Conas a tharlaíonn go **(2)** Gaeilge agat? Cár fhoghlaim tú í? Cén **(3)** in aon chor a ndearna tú í a fhoghlaim?

Is é an t-aon nasc teaghlaigh atá agam leis an teanga ná go raibh Gaeilge bhlasta ag **(4)** de mo shin-seanaithreacha. Díreach cosúil leis an mórchuid de mhuintir na **(5)** comhaimseartha, níor tógadh le Gaeilge mé.

Ba ar scoil a d'fhoghlaim mé an Ghaeilge. Ní raibh ach Gaeilge lag agam agus mé ar an **(6)**, áfach. Ach ba mar thírghráthóir den **(7)** scoth a d'fhéach mé orm féin riamh, fiú agus mé i mo **(8)** bunscoile. D'fhág sé sin go raibh dea-chroí agam **(9)** teanga i **(10)** na mblianta bunscolaíochta, dá laige mo **(11)** Gaeilge ag an am sin dáiríre.



Aoibhinn beatha an scoláire!